# Droichead - Treoir don Lucht Ardbhainistíochta - Iar-bhunscoil

## Mar Thús

- Cláraigh mar Scoil Droichead: Is é Droichead an t-aon bhealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCanna) in Éirinn anois. Féadann scoileanna clárú anseo.
- Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) a Bhunú: Foireann múinteoirí lánchláraithe a bhfuil taithí acu atá i FTG. Go hidéalach, bheadh cúig bliana de thaithí acu sa mhúinteoireacht. Tá siad oilte ag an Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead chun tacú le próiseas Droichead. Cé gur féidir suas le triúr ball den FTG a oiliúint i dtréimhse trí bliana, tá ar a laghad beirt bhall den FTG ag teastáil chun plé le MNC le linn a bproiséas Droichead.
- Faigheann gach ball den FTG trí lá oiliúna FTG ón Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead.
- Ról an Lucht Ardbhainistíochta: Cé go roghnaíonn daoine áirithe sa Lucht Ardbhainistíochta a bheith ina mball den FTG ina scoil, féadfaidh daoine eile sa Lucht Ardbhainistíochta roghnú gan a bheith ina mball den FTG. I gcásanna dá leithéid, ní shíníonn baill den Lucht Ardbhainistíochta Foirm D. Mar cheannairí na scoile, cothaíonn príomhoidí cultúr foghlama inar féidir le Droichead déanamh go maith agus tacaíocht a thabhairt don FTG chun próiseas ionduchtaithe ardchaighdeáin a éascú.
- Beartais agus Cáipéisí Úsáideacha: Téigh i gcomhairle leis an FTG agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun athbhreithniú agus/nó nuashonrú a dhéanamh ar an mBeartas Cosanta Sonraí, Beartas Ionduchtúcháin Droichead - Iar-bhunscoile agus Paca Fáilte Droichead - Iar-bhunscoile.
- Pléigh: Roghanna maidir le hAm Scaoilte leis an FTG.

## Am Scaoilte

- Ar fáil do scoileanna chun tacú le héascú an phróisis Droichead (féach Fíor 1)
- Úsáidtear é chun gníomhaíochtaí a éascú lena n-áirítear cruinnithe FTG, cruinnithe réamhbhreathnóireachta, breathnóireachtaí, cruinnithe iar-bhreathnóireachta agus gníomhaíochtaí eile ionduchtaithe ionscoile.
- Tá an rogha ag iar-bhunscoileanna na huaireanta a éileamh trí shamhail leithdháilte, uaireanta ionaid nó meascán den dá chóras. Is faoi gach scoil aonair atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an tsamhail a úsáidtear agus an chaoi a dháiltear na huaireanta ar Fhoirne Tacaíochta Gairmiúla (FTGanna) agus MNCanna.


CC BY NC

**Iar-bhunscoileanna**

| Líon na MNCanna atá ag tabhairt faoin bpróiséas Droichead | Am scaoilte scoile atá ar fáil do scoileanna i ngach bliain acadúil (Uaireanta an chloig) |
|---|---|
| 1-2 | 22 |
| 3-4 | 28 |
| 5-6 | 34 |
| 7 | 40 |
| 8+ | 44 |

Fíor 1: Am Scaoilte Droichead - Iarbhunscoile

**Is tábhachtach go gcoimeádfadh scoileanna taifead ar na huaireanta go léir a éilítear.**

## Le Linn an Phróisis

- Baineann dhá phríomhshnáithe le próiseas Droichead mar chreat comhtháite do MNCanna.
- Ionduchtú scoilbhunaithe is ea an chéad snáithe **(Snáithe A)**, trína bhfaigheann an MNC tacaíocht ó chomhghleacaithe a bhfuil taithí acu.
- Is éard atá sa dara snáithe **(Snáithe B)** Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise.
- Moltar go gcoimeádfaí an Lucht Ardbhainistíochta ar an eolas agus go ndéanfaidís teagmháil thacúil leis an MNC agus leis an FTG chun a chinntiú go n-éascaítear próiseas ionduchtaithe ardchaighdeáin.
- Go bliaintúil, rachaidh Compháirtí, sannta ón Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead, i dteagmháil le príomhoide na scoile agus leis na baill den FTG sa scoil. Iarrtar ar an bpríomhoide/FTG ball teagmhála FTG a ainmniú chun cumarsáid a dhéanamh leis an gCompháirtí. Trí úsáid a bhaint as an teagmhálaí sin, tugann Compháirtithe Droichead uasdatú do scoileanna uair sa téarma.
- I rith na bliana acadúla, tá Ceannairí Foghlama Gairmiúla ón Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead ar fáil chun tacú le scoileanna trí ríomhphost, tríd an nguthán agus trí chuairteanna scoile. Tá sonraí teagmhála na gCeannairí Foghlama Gairmiúla ar fáil anseo.
- Tá an Fhoirm Tacaíochta Cuairt Scoile ar fáil anseo.

## An Próiseas a Thabhairt chun Críche

- Tabhair am don MNC agus do bhaill tacaíochta an FTG comhrá gairmiúil a bheith acu agus an MNC ag druidim le deireadh a bpróiseas. Tabharfaidh sé seo deis dóibh plé agus machnamh a dhéanamh ar phríomheispéiris foghlama ó TAISCE agus ar Ghníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla an MNC chomh maith le réimse/réimsí spéise don fhoghlaim ghairmiúil amach anseo a aithint agus athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas.
- Tabhair am don MNC agus do bhaill tacaíochta an FTG an Comhdhearbhú (Foirm D) a chomhlánú. Ní mór do bheirt bhall lánoilte den FTG ar a laghad an comhdhearbhú seo a shíniú agus a dhátú, baill atá ainmnithe ag an MNC agus a thug treoir agus tacaíocht don MNC le linn a bpróisis Droichead.
- Tabhair tacaíocht don MNC agus don FTG araon chun imní a réiteach ag leibhéal na scoile i gcás go mbíonn imní ar cheachtar páirtí maidir le gnéithe de phróiseas Droichead.

## Droichead ag Leibhéal na Scoile Uile

Cé go bhfuil an FTG oilte chun tacú leis an MNC agus iad ag tabhairt faoin bpróiseas ionduchtaithe, ba chóir go n-oibreodh an próiseas ag leibhéal na scoile uile ar mhaithe le comhoibriú agus comhghleacaíocht a chur chun cinn agus le fáilte a chur roimh MNCanna isteach sa ghairm. D'fhéadfaí smaoineamh ar na nithe seo a leanas chun é sin a éascú:

- Baill foirne a spreagadh le bheith páirteach i bpróiseas Droichead trí ghníomhaíochtaí ionduchtaithe a chur ar fáil.
- Tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne chun a bheith ina mbaill den FTG.
- Ardoiliúint na mball reatha den FTG a éascú trí fhreastal ar imeachtaí Forbartha Gairmiúla Droichead.
- Droichead a chur ar chlár oibre na gcruinnithe foirne go rialta.
- Nuashonrú Droichead a scaipeadh agus úsáid a bhaint as blurba Droichead do shuíomh gréasáin na scoile.
- An FTG a éascú agus/nó cuireadh a thabhairt don Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead ionchur a bheith acu ag cruinniú foirne/lá faisnéise foirne.
- Teagmháil a dhéanamh i gcaoi atá comhghleacúil agus comhoibríoch leis an bPainéal um Dhearbhú Cáilíochta Droichead (DCD) má roghnaítear an scoil go randamach le páirt a ghlacadh in athbhreithniú bliantúil an phainéil DCD ar Droichead.